



An Bhruiséil, 15 Feabhra 2016
(OR. fr)

6058/16

COAFR 34
ACP 25
RELEX 102
COHOM 16
CFSP/PESC 124

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 15 Feabhra 2016

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 5879/16
roimhe seo:

Ábhar: An Bhurúin
- Conclúidí ón gComhairle(15 Feabhra 2016)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBurúin, a glacadh ag an 3447ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 15 Feabhra 2016.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBurúin

1. In ainneoin na n-iarrachtaí go léir atá á ndéanamh ag an gcomhphobal idirnáisiúnta, tá leamhsháinn fós ag roinnt leis an staid sa Bhurúin. Tarlaíonn eachtraí foréigin go mion minic sa tír mar aon le sárúithe agus ionsaithe ar chearta an duine. Cáineann an tAontas Eorpach go láidir an lámh láidir a bheith á húsáid i gcás ar bith chun an ghéarchéim sa Bhurúin a réiteach. Toisc nach bhfuil an chuma ar an scéal go dtiocfar ar réiteach polaitiúil, tá baol níos mó ann go ndéanfar radacú ar na seasaimh atá ann agus go dtarlóidh achrann foréigneach. Tá an baol ann go rachaidh an staid sin in olcas mar thoradh ar leochaileacht eacnamaíoch na tíre. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé mar thosaíocht aige go ndéanfar muintir na tíre a chosaint agus go dtacófar leo.
2. Ní fhéadfar teacht ar réiteach ar an ngéarchéim ach amháin trí idirphlé polaitiúil cuimsitheach, faoi idirghabháil idirnáisiúnta, agus i gcomhréir le Comhaontú Arusha agus Bunreacht na Burúine. Molann an tAontas na hiarrachtaí idirghabhála a rinne Comhphobal na hAfraice Thoir, iarrachtaí a d'fhág go rabhthas in ann an chéad chruinniú idirphlé a eagrú i measc mhuintir na Burúine ar an 28 Nollaig in Entebbe. Tá sé práinneach go gcuirfear idirphlé mhuintir na Burúine ar bun an athuair agus é cuimsitheach tríd is tríd agus gan aon réamhchoinníollacha. Iarrann an tAontas ar na páirtithe uile agus go háirithe údaráis na Burúine teacht leis an loighic sin.
3. Tugann an tAontas dá aire na cinntí a ghlac Comhairle Síochána agus Slándála an Aontais Afracaigh (AA), ag an 571ú cruinniú a bhí aici ar an 29 Eanáir 2016, ar leibhéal na gCeannairí Stáit agus Rialtais. Is díol sásaimh don Aontas gur chinn an tAontas Afracach (AA) toscaireacht de chuid AA, ar fhíor-ardleibhéal, a chur chuig an mBurúin chun teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis is airde den Phoblacht agus leis na geallsealbhóirí eile sa Bhurúin. Ba cheart don toscaireacht sin dul go dtí an Bhurúin a luaithe is féidir chun comhairliúchán a chur ar bun maidir leis an idirphlé cuimsitheach idir mhuintir na Burúine. Is díol sásaimh don Aontas gur iarradh ar gheallsealbhóirí uile na Burúine freagairt a dhéanamh, gan réamhchoinníollacha agus gan mhoill, ar an iarraidh ón idirghabhálaí go gcuirfear fíor-idirphlé cuimsitheach ar bun an athuair. Is díol sásaimh don Aontas freisin gur cháin an tAontas Afracach go láidir gach gníomh foréigin, a dhéanann dream ar bith, agus gur cháin sé freisin an tsaoirse leanúnach ó phionóis.

4. Is díol sásaimh don Aontas an chuairt a thug Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) ar an mBurúin, ar an 21 agus ar an 22 Eanáir 2016, agus cuireann sí i bhfios go láidir go ndúirt comhaltaí CSNA go bhfuil gá le teacht ar réiteach polaitiúil don Bhurúin, agus é sin á thacú le láithreacht idirnáisiúnta sa tír. Is díol sásaimh dó sa chomhthéacs sin an obair atá á déanamh ag Comhairleoir speisialta an Ard-Rúnaí. Tacaíonn an tAontas le neartú rannpháirtíocht na Náisiún Aontaithe, an Aontais Afraicigh agus agus Chomhphobal na hAfraice Thoir sna hiarrachtaí idirghabhála, agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé meáite ar thacaíocht a thabhairt don idirghabháil.

Ag meabhrú dó gur gá don chomhphobal idirnáisiúnta a bheith in ann dul i ngleic le staid a rachadh in olcas, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go leanfar den obair i ndáil leis sin agus athdhearbhaíonn sé go bhfuil sé meáite ar thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Afracaigh maidir le pleananna comhordaithe a bheith acu i gcás práinne.

5. Glacfaidh an tAontas na bearta iomchuí is gá in éagmais comharthaí dearfacha. Is amhlaidh nach rabhthas in ann, leis na comhairliúcháin faoi Airteagal 96 de Chomhaontú Cotonou, a tionóladh sa Bhruiséil ar an 8 Nollaig, réiteach a fháil ar phríomhghnéithe na comhpháirtíochta a bheith á neamhurramú ag an mBurúin. Is rithábhachtach é rannpháirtíocht éifeachtach rialtas na Burúine in idirphlé mhuintir na Burúine, faoi mar a d'iarr Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus Comhairle Síochána agus Slándála an Aontais Afracaigh (AA). Aon bheart eile a dhéanfar chun cúrsaí a thabhairt chun suaimhnis agus chun plé polaitiúil a chur ar bun, is comhartha dearfach thar a bheith tábhachtach a bheidh ann. Dearbhaíonn an tAontas Eorpach, atá ar cheann de phríomh-chomhpháirtithe forbraíochta na Burúine, go bhfuil sé toilteanach leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhuintir na Burúine trí na gníomhaíochtaí forbraíochta sin.

6. Tá an tAontas réidh i dtólamh gníomhaíochtaí daonnúla, a dhéanfar ar mhaithe le muintir na Burúine, a mhaoiniú agus iarrann sé ar na húdaráis rochtain láithreach, shlán agus gan bhac a ráthú do na gníomhaithe daonnúla atá ag obair sa Bhurúin.

7. Is doghlactha iad na hionsaithe a rinne grúpaí armtha reibiliúnach i gcoinne na n-údarás um fhorghníomhú an dlí sa tír mar aon le húsáid neamhréireach na láimhe láidre ag na fórsaí slándála inmheánaí mar fhrithbheart. Chuir an tAontas in iúl go raibh sé ag seasamh gualainn ar ghualainn le gach duine atá thíos leis an bhforéigean.

8. Meabhraíonn an tAontas gur cheart go mbeadh gach duine is ábhartha freagrach as páirt a ghlacadh i ngníomhartha foréigneacha agus i sáruithe agus in ionsaithe tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear sa ghríosú chun fuatha agus gur cheart iad a thabhairt os comhair na cúirte. Ag meabhrú dó na bearta sriantacha a ghlac sé ar an 1ú Deireadh Fómhair 2015, tá an tAontas réidh le bearta sriantacha a fhorchur i gcoinne na ndaoine sin a bhfuil a ngníomhaíocht mar chúis le foréigean nó le brú faoi chois, le sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus/nó le bac a chur ar na hiarrachtaí chun teacht ar réiteach polaitiúil sa chreat atá beartaithe ag an Aontas Afracach (AA) agus ag Comhphobal na hAfraice Thoir, nó a d'fhéadfadh a ngníomhaíocht a bheith mar chúis leis na nithe sin.

9. Tá an tAontas fós an-bhuartha faoin méadú ar líon na gcásanna de sháruithe agus d'ionsaithe ar chearta an duine atá á dtuairisciú agus faoi na fórsaí slándála a bheith freagrach as cuid acu sin. Is scáfar iad na teachtaireachtaí ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir le holluaigeanna a líomhnaítear a bheith ann, maidir le cásanna den fhoréigean gnéasach, den choinneáil threallach, de dhaoine a bheith ar iarraidh agus den mharú neamhdhleathach, agus iarrtar iontu go dtabharfaí an méid sin uile chun solais trí imscrúdú críochnúil a chur chun feidhme agus é neamhchlaonta, inchreidte.

10. Tá an tAontas Eorpach an-bhuartha freisin faoin imeaglú agus faoin gciapadh leanúnach atá á ndéanamh ar ionadaithe ón bhfreasúra agus ón tsochaí sibhialta. Meabhraíonn sé do rialtas na Burúine a chuid oibleagáidí idirnáisiúnta faoin gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, go háirithe maidir leis na bunsaoirsí agus an smacht reachta a urramú agus maidir le láimhseáil cásanna breithiúnacha, go háirithe an ceart chun triail chóir, neamhchlaonta. Molann sé do Rialtas na Burúine an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse an phreasa a áirithiú, lena gceadófar d'iriseoirí na Burúine agus d'eachtrannaigh imscrúduithe agus tuairisciú a dhéanamh gan bhac nó imeaglú. Ní mór don fhreasúra staonadh ón bhforéigean.

11. I ndáil leis sin, tacaíonn an tAontas go hiomlán le saineolaithe de chuid an Aontais Afracaigh a bheith á n-imscaradh agus misean saineolaithe a bheith á chur chuig an tír ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, i gcomhréir leis an rún a ghlac an Chomhairle um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe ag an gcruinniú urghnách a bhí aici ar an 17 Nollaig 2015. Iarrann an tAontas ar údaráis na Burúine, agus aird á tabhairt freisin gur toghadh mar chomhalta den Chomhairle um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe le déanaí iad, imscaradh na saineolaithe sin agus an mhisin a éascú gan mhoill agus measann sé go mbeidh sé ina chabhair iad a bheith sa tír, ó thaobh an staid a fheabhsú agus an daonra a chosaint.

12. Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn nach beag déanta sa chomhar agus san fhorbairt i Réigiún na Mór-Lochanna. Leis an ngéarchéim sa Bhurúin, tá amhras á chaitheamh ar ar baineadh amach le déanaí. Cuireann an tAontas in iúl go bhfuil gach tír sa réigiún freagrach as rannchuidiú le teacht ar réiteach ar an ngéarchéim agus gan pioc tacaíochta a thabhairt ar bhealach ar bith d'aon ghluaiseachtaí armtha.